Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

business@pdst.ie

**Nascmhodúil GCAT Cás-Staidéar 2023 Pacáiste Tacaíochta Digiteach**

D'fhorbair foireann GCAT an SFGM (PDST) an acmhainn seo do mhúinteoirí atá ag iarraidh tacú lena gcuid daltaí agus iad ag ullmhú don chás-staidéar i scrúdú scríofa an GCAT.

Tá cás-staidéar 2023 eisithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit chuig scoileanna agus tá sé ar fáil le híoslódáil anseo. Imlíníonn an acmhainn seo cuir chuige a d'fhéadfadh tacú le daltaí dul i ngleic leis an gcás-staidéar san seomra ranga nó sa mbaile. Mar is gnáth, is é an múinteoir ranga atá in ann a mheas cad iad na cuir chuige is fearr a n-oibreoidh dá rang-ghrúpaí féin. Chun treoir ghinearálta a fháil ar chianfhoghlaim, tá eolas ag foireann Teicneolaíochtaí Digiteacha an SGFM anseo faoi acmhainní éagsúla a d'fhéadfadh a bheith úsáideach.

Cliceáil ar na rannóga ábhartha a bhfuil cur síos déanta orthu thíos chun teacht ar na modheolaíochtaí/acmhainní éagsúla agus leideanna maidir le conas is féidir iad a úsáid i gcomhthéacs an chianfhoghlama.

1. Cás-Staidéar 2023
   Cóip don chás-staidéar le hipearnaisc chuig sonraí ar chuid de na gníomhaireachtaí/tionscnaimh luaite sa phíosa.

2. Imlíne ar Chur Chuige Don Chás-Staidéar
   Imlíne ar chur chuige amháin chun dul i ngleic leis an gcás-staidéar.

3. Focail atá deacair dom
   Tábla a d'fhéadfaí a roinnt le daltaí chun focail dheacra as an téacs a chur le chéile.

4. Anailís LLDB/LDDB
   Tábla a d'fhéadfaí a roinnt le daltaí chun anailís LLDB/LDDB a líonadh.

5. Fadhb - Reiteach
   Tábla a d'fhéadfaí a roinnt le daltaí chun fadhbanna agus réitigh fhéideartha a aithint.

6. Daoine - Eagras - Áit

Tábla a d’fhéadfaí a roinnt le daltaí chun anailís a dhéanamh ar pháirtithe éagsúla sa chás-staidéar.

7. Eolas Breise
   Sleachta as Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2015 ar an GCAT a bhaineann leis an gcás-staidéar agus naisc chuig suíomhanna ghréasáin a bhaineann le téama an chás-staidéir.

**Cás-Staidéar 2023**

**Baile Fearta**

Is baile beag gleoite é Baile Fearta a bhfuil thart ar 1,200 duine ina gcónaí ann. Tá an baile suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin a bhfuil an-tóir ag turasóirí uirthi, agus tá sé ag brath go mór ar thrádáil na turasóireachta. Le blianta beaga anuas tá bánú na tuaithe ag cur isteach air. Tá líon mór daoine óga tar éis an áit a fhágáil le freastal ar oideachas tríú leibhéal i gcodanna eile den tír. Nuair a bhain siad céim amach bhog siad go cathracha móra le fostaíocht a fháil agus níor fhill siad chun cónaí i mBaile Fearta.

Tá an baile tar éis glacadh le 320 dídeanaí agus chuir muintir na háite fáilte chroíúil rompu. D'eagraigh an pobal áitiúil féile theaghlaigh chun cabhrú le tuilleadh cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar agus leis na dídeanaithe a imeascadh sa phobal. Bhí margadh faoin aer ar cheann de phríomhimeachtaí na féile. Chuir táirgeoirí áitiúla a gcuid earraí ar taispeáint agus rinne na dídeanaithe taispeántais chócaireachta de bhéilí a dtíre dúchais. Bhlais muintir na háite agus cuairteoirí den bhia a bhí ar taispeáint. D'éirigh thar barr leis an ócáid.

Tá Coiste Forbartha Pobail ar bun san áit le dornán blianta anuas. Thug siad faoi deara go raibh athruithe tagtha ar dhéimeagrafaic Bhaile Fearta. Chuaigh siad i mbun taighde ar an gceist agus aithníodh dhá eochair-ghné nár mhór díriú orthu. Ar an gcéad dul síos, ba ghá ionaid oiriúnacha oibre a chur ar fáil i mBaile Fearta le daoine áitiúla a mhealladh chun fanacht ann agus le tathant ar dhaoine eile aslonnú isteach ann. Tuigtear don choiste ó threochtaí an tsaoil faoi láthair go mbeidh níos mó daoine i mbun cianoibre sa todhchaí, agus go mbeidh gá le nuálaíochtaí nua. Tá paindéim Covid-19 tar éis na buntáistí a léiriú a bhaineann leis an gcianobair agus le cothromaíocht oibre agus saoil níos fearr a bheith ag oibrithe. Sa dara dul síos, léirigh an taighde gur ghá roinnt tograí a bhunú chun tacú le himeascadh na ndídeanaithe sa phobal áitiúil. Ar na moltaí a rinneadh bhí ranganna Béarla, cláir Tosaigh do Ghnó Féin chomh maith le hachainithe ar son éadaí agus bréagán.

Caithfidh an Coiste Forbartha Pobail a bheith ag pleanáil go leanúnach le gur féidir leo teacht i dtír ar thorthaí an taighde. Chuige sin, d'iarr siad comhairle ar Choimisiún Forbartha an Iarthair faoi shaghsanna éagsúla áiseanna cianoibre agus faoi ionaid nuálaíochta. Cuireadh in iúl dóibh go bhfuil neart roghanna ar fáil, agus gur aithníodh foirgnimh fholmha shásúla lena n-aghaidh. Cuireadh ar a súile dóibh freisin an tábhacht lárnach a bhainfeadh le soláthar leathanbhanda má bhí rath le bheith ar an bplean. Is údar faoisimh don choiste é gur bhain Baile Fearta tairbhe le déanaí as an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus go bhfuil rochtain anois ag an mbaile ar leathanbhanda ardluais.

Bhí cuid mhór oibre le déanamh ag an gCoiste Forbartha Pobail chun a bplean a chur i bhfeidhm. Tá na moltaí go léir a rinneadh i bhfeidhm anois. Ghairm cathaoirleach an choiste cruinniú poiblí chun eolas faoi na pleananna a thabhairt don phobal, agus tugadh cuireadh do mhuintir na háite go léir a bheith páirteach.

Tá plean an Choiste Forbartha Pobail i bhfeidhm le sé mhí anuas anois. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean le déanaí agus léiríodh go bhfuil daonra Bhaile Fearta ag méadú, rud atá ag cur le beocht, gníomhaíocht, fiontraíocht agus nuálaíocht an bhaile athuair. Tá cumas an phobail ag dul i méad, rud a dhéanfaidh níos inmharthana san fhadtéarma é.

## Cur Chuige Amháin Don Chás-Staidéar

**Céim a hAon:**

Le smaointe tosaigh na ndaltaí ar an gcás-staidéar a bhailiú is féidir leatsa mar mhúinteoir aon mhíthuiscint choitianta a aithint agus a réiteach sula ndéantar aon mhionscrúdú a dhéanamh ar an gcás-staidéar. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ach iarraidh ar na daltaí meabhairmhapa nó léiriú amhairc eile a chruthú de na príomhsmaointe atá le feiceáil sa chás-staidéar. Tugann an leabhrán atá ar fáil ag an nasc seo samplaí d'eagraithe grafacha agus d'acmhainní amhairc eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do dhaltaí agus an cás-staidéar á scrúdú acu.

**Céim a Dó:**

Mar mhúinteoir GCAT b'fhiú machnamh a dhéanamh ar na torthaí foghlama sonracha (TFS) ón siollabas GCAT atá le feiceáil sa chás-staidéar. Tá cóip de na SLO ar fáil anseo (lch. 9 - 11).

**Ceim a Trí:**
Beidh ar dhaltaí focail nó frásaí deacra a aithint agus a chíoradh chun dul i ngleic go hiomlán le brí an chás-staidéir. Is féidir é seo a dhéanamh trí na focail agus na téarmaí atá deacair dóibh a aithint agus a mhíniú. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh ná an tábla thíos a úsáid chun na focail/na frásaí a mbíonn deacracht leo a liostáil agus ansin míniú a fháil orthu. D'fhéadfaí an tábla seo, nó do leagan féin, a roinnt le daltaí chun na críche seo.

Is uirlis ar líne é Mentimeter a d'fhéadfadh a bheith úsáideach maidir leis seo. I ndiaidh cuntas a chruthú, atá saor in aisce, is féidir leat cur i láthair a chumadh. Tá an rogha 'scamall focal' (word-cloud) úsáideach chun na críche seo, áit ar féidir le daltaí na téarmaí/na frásaí atá deacair dóibh a thuiscint a chur isteach. Seans go mbeidh an físeán atá ar fáil ar an nasc seo úsáideach mura bhfuil cur amach agat ar Mentimeter. Féadfaidh an múinteoir míniú a thabhairt ansin ar na focail nó frásaí is coitianta. I gcás aon fhocail/fhrásaí eile d'fhéadfaí scoláirí a spreagadh chun foclóirí ar líne nó uirlisí eile a úsáid m.sh. téacsleabhair chun sainmhínithe ar théarmaí a aimsiú. Go deimhin is minic a thabharfaidh cuardach ginearálta Google ar fhocal/fhrása sainmhíniú an-shoiléir agus simplí.

Focail sa chás-staidéar atá deacair dom……

| Focal/téarma | Míniú |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

**Céim a Ceathair**
Is smaoineamh maith é anailís LLDB/LDDB a dhéanamh ar aon duine nó eagraíocht a luaitear sa chás-staidéar chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na príomhpháirtithe sa chás-staidéar. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach ar nós padlet nó uirlisí eile, ar nós an tábla thíos, chun spás a thabhairt do dhaltaí le bheith ag obair go comhoibríoch ar anailís LLDB/LDDB a dhéanamh.

| Láidreachtaí | Laigeachtaí/Dúshláin |
|---|---|
| | |
| **Deiseanna** | **Bagairtí** |
| | |

**Céim a Cúig:**

D'fhéadfaí an tábla thíos a roinnt le daltaí ionas go bhféadfaí fadhbanna agus réitigh fhéideartha a aithint agus a fhiosrú. Ligeann sé seo do dhaltaí tuiscint a fhorbairt ar na saincheisteanna atá os comhair na bpáirtithe sa chás-staidéar. D'fhéadfadh cuid de na huirlisí a luadh cheana féin sa doiciméad seo a bheith úsáideach anseo nó féadfar uirlisí digiteacha eile a bhfuil cur amach agat orthu a úsáid. D'fhéadfadh an suíomh gréasáin atá ar fáil ag an nasc seo a leanas a bheith úsáideach maidir le seo.

<table>
<tr><th>Fadhb</th><th>Céard a dhéanfá?</th></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">Cuir in Ord Tábhachta</td></tr>
</table>

**Céim a Sé:**

D’fhéadfadh anailís daoine, eagraíochta, áite (DEA) a bheith úsáideach chun dul i ngleic leis an gcás-staidéar ionas go mbeidh na daltaí in ann na príomhpháirtithe agus na háiteanna sa chás-staidéar a aithint. Arís d'fhéadfadh na huirlisí a luadh sna céimeanna roimhe seo a bheith cuiditheach len é seo a dhéanamh..

<table>
<tr><th colspan="4">Daoine</th></tr>
<tr><th>Duine</th><th>Cáilíocht</th><th>Ról</th><th>Scil/Taithí</th></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><th colspan="2">Eagraíocht</th><th colspan="2">Áit</th></tr>
<tr><td colspan="2"></td><td colspan="2"></td></tr>
</table>

**Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora 2015:**

Tógtar na sleachta seo a leanas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora don GCAT a foilsíodh i 2015, atá ar fáil anseo, agus baineann siad go sonrach leis an gcás-staidéar. Tá an tuairisc seo úsáideach d'aon mhúinteoir GCAT agus tugann na sleachta thíos roinnt eolais chuiditheach maidir leis an gcás-staidéar.

- "The average mark for Section B (case study) was 13 marks which was lower than previous years. The case study was issued to schools one month before the Written Examination. It was based around specific learning outcomes from both Link Modules I and II. In Question 1, candidates were asked to explain three terms used in the case study. Some provided an explanation of shareholders instead of stakeholders. In Question 3 diversification was confused with diversity."
  Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora Nasc-Mhódúil 2015, lch.13

- "Ensure that all students are given a copy of the case study as soon as it arrives in the school. Read through the case study in detail with students. Provide an explanation of key terms and phrases used in the case study."
  Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora Nasc-Mhódúil 2015, lch.17

- "Familiarise students with the requirements of the command words used in the examination paper."
  Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora Nasc-Mhódúil 2015, lch.17

**Suíomhanna Gréasáin Ábhartha:**

Is iad na naisc seo a leanas na cinn a úsáidtear i dtéacs an chás-staidéir ag tús an doiciméid seo mar aon le naisc eile a d'fhéadfadh breis eolais a sholáthar faoi chuid de na smaointe a chuirtear i láthair sa chás-staidéar.

Discover Ireland: The Wild Atlantic Way -
https://www.discoverireland.ie/wild-atlantic-way

Fáilte Ireland - https://www.failteireland.ie/

CSO Daonáireamh 2022 - Réamhthorthaí
https://www.cso.ie/en/baile/nuachtagusimeachtai/preasraitis/prraitis2022/prdaon22reamhthorthai/

Fáisnéis Do Shaoránaigh: Cearta a bhronntar ar dhaoine stádas dídeanaí nó cosaint choimhdeach agus daoine a dtugtar cead fanacht dóibh

https://www.citizensinformation.ie/ga/moving_country/asylum_seekers_and_refugees/refugee_status_and_leave_to_remain/rights_of_convention_programme_refugees_people_given_leave_to_remain.html

Cás-Staidéar 2019 -
https://www.examinations.ie/archive/exampapers/2019/LC462CLP000EV.pdf (EV)

https://www.examinations.ie/archive/exampapers/2019/LC462CLP000IV.pdf (IV)

Cás-Staidéar 2016 -
https://www.examinations.ie/archive/exampapers/2016/LC462CLPO00EV.pdf (EV)

https://www.examinations.ie/archive/exampapers/2016/LC462CLPO00IV.pdf (IV)

Oifig Fiontair Áitiúil - Clár Tosaigh do Ghnó Féin
https://www.localenterprise.ie/Portal/Discover-Business-Supports/Training-Programmes/Start-Your-Own-Business-Programme/Start-Your-Own-Business-Programme.html

Coimisiún Forbartha an Iarthair - https://westerndevelopment.ie/

Leathanbhanda Náisiúnta Eireann - https://nbi.ie/

Todhchaí Cheantair Tuaithe na hÉireann - Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025
https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/efd82-todhchai-cheantair-thuaithe-na-heireann/

Spriocanna forbartha inbhuanaithe - https://sdgs.un.org/goals